


SHÁRMHAITHEAS NUÁLAÍOCHT CRUITHAITHEAcht



RÁITEAS STRAITÉISEACH



# CLÁR ÁBHAR



|   |    |
|---|----|
| Réamhfhocal   | I  |
| 1. Cúlra  | 2  |
| 1.1 Comhthéacs an Bheartais   | 2  |
| 1.2 Comhthéacs Eacnamaíoch agus Sóisialta   | 2  |
| 2. Coimisiún Forbartha an Iarthair  | 3  |
| 2.1 Téarmaí Tagartha  | 3  |
| 2.2 Fís   | 3  |
| 2.3 Misean  | 3  |
| 2.4 Struchtúr   | 4  |
| 2.5 Dearcadh Straitéiseach  | 4  |
| 2.6 Ag Obair le Comhpháirtithe  | 5  |
| 2.7 Rialachas Corparáideach   | 5  |
| 2.8 Acht na dTeangacha Oifigiúla  | 5  |
| 3. Plean Straitéiseach CFI  | 6  |
| 3.1 Cuidiú le forbairt réigiúnach chothrom trí chinntiú go ndéanann Réigiún an Iarthair uasmhéadú ar an bpoitéinseal iomlán atá ann d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta | 6  |
| 3.2 Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn  | 7  |
| 3.3 Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair tuaithe  | 7  |
| 3.4 Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus fontair shóisialta   | 8  |
| 3.5 CFI a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach   | 8  |
| 4. Feidhmiú, Monatóireacht agus Tuairisciú  | 9  |
| Appendix Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair   | 10 |

# RÉAMHFHOCAL

---

## Cosúil leis an gcuid eile d'Éirinn, tá mórán athruithe dearfacha feicthe ag seacht gcontae an iarthair ó bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair ar bhonn reachtúil i 1999.

Tá deireadh le himirce agus tá méadú daonra spreagtha go suntasach mar thoradh ar fhás eacnamaíoch. Toisc infheistíochtaí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (PFN) 2000-2006, tá feabhsuithe a bhí ag teastáil go géar sa bhonneagar tarlaithe agus an réigiún in ann peirspictíochtaí diúltacha na cúlmhaireachta a aisiompú agus an réigiún a chur i láthair mar áit rafar agus éagsúil.

Ag tráth a bhfuil fórsaí an domhain ag deachtú níos mó agus níos mó cad atá i ndán do thíortha agus réigiúin, tá mórán le déanamh chun torthaí na mblianta tearcfhorbartha a aisiompú agus tógáil ar láidreachtaí Réigiúin an Iarthair. Seo an fáth go bhfeiceann Coimisiún Forbartha an Iarthair an tiomantas maidir le forbairt réigiúnach chothrom agus geilleagar tuaithe sa PFN 2007-2013 *Athrú Mór ar Éirinn* mar rud atá bunúsach dá gcuid oibre. Le go réadófaí poitéinseal eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin tuaithe atá againn go príomha, teastaíonn infheistíocht, obair chrua agus cruthaitheacht. Tá fios maith ag CFI go dtairgeann Réigiún an Iarthair cáilíocht bheatha atá tarraingteach agus mórán deiseanna eacnamaíochta. Táimid muiníneach leis na tacaí cearta, gur féidir leis an réigiún tógáil ar na hacmhainní seo agus an poitéinseal atá ann a uasmhéadú.

Anseo, inár dtríú Plean Straitéiseach, dírimid ar iarrachtaí eagraíochtúil sna príomhréimsí ina gcreidimid gur féidir lenár láidreachtaí agus saineolas eagraíochtúil, buntáiste a thabhairt do Réigiún an Iarthair agus an tír ina iomláine. Tá gaolmhaireachtaí maithe bunaithe againn le heochair-leasanna ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Beidh cothabháil agus forbairt na ngaolmhaireachtaí seo rí-lárnach chun rath an Phlean Straitéisigh a chinntiú, ag cumasú dúinn oibriú le páirtithe eile chun riachtanais forbartha Réigiúin an Iarthair a chur chun cinn.

Aithníonn CFI go mbraitheann rath an Phlean Straitéisigh chomh maith ar thiomantas agus ar inniúlachtaí foirne na heagraíochta. Táimid tiomanta dá réir d'fhorbairt agus oiliúint leanúnach na foirne atá soláthraithe trí chreat na straitéise acmhainní daonna agus an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) atá againn.

Tugann Plean Straitéiseach CFI 2007-2009 deis dúinn ár gcuid spriocanna agus torthaí ionchais a léiriú go follasach. Beidh feidhmiú ár gcuid pleananna agus cur chun críche spriocanna an Phlean Straitéisigh mar thosaíocht ag CFI sna blianta amach romhainn.

Gillian Buckley  
Príomhfheidhmeannach

# I. CÚLRA

---



Tá tionchar ar ghníomhaíochtaí CFI ón timpeallacht shocheacnamaíoch ina bhfeidhmíonn sé. Cuimsíonn siad seo forbairtí idirnáisiúnta agus náisiúnta a théann i bhfeidhm ar an réigiún, beartais agus tosaíochtaí rialtais, agus straitéisí agus gníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí eile.

## 1.1 Comhthéacs an Bheartais

---

Déanann an Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 (PFN) athrá ar thiomantas an rialtais d'fhorbairt réigiúnach chothrom trí thacú le forbairt na réigiún ar fad chun a bpoitéinseal iomlán a bhaint amach. Tá obair an CFI á tacú ag an gcuispóir beartais seo.

'Sí feidhm an bheartais infheistíochta faoin PFN ná tógáil ar láidreachtaí na réigiún agus tabhairt faoi easnaimh sa bhonneagar. Soláthraíonn an Straitéis Spáis Náisiúnta creat leathan straitéiseach d'infheistíocht le béim áirithe ar Gheatabhailte<sup>1</sup> agus ar chomhpháirtíocht uirbeachtuaithe a nascann ionaid uirbeacha le ceantair thuaithe. Is réigiún tuaithe go príomha é Réigiún an Iarthair agus mar sin tá fócas ar an ngeilleagar tuaithe sa PFN go háirithe ábhartha.

## 1.2 Comhthéacs Eacnamaíoch agus Sóisialta

---

Tá buntáiste mór aimsithe ag Réigiún an Iarthair ón bhfás mear ar gheilleagar na hÉireann, atá tar éis deiseanna nua fostaíochta a chruthú agus atá tar éis imircigh atá ag filleadh agus daoine eile a mhealladh chun an réigiúin. Mar sin féin, tá dúshlán forbartha suntasacha fós le forbairt. Cuimsíonn siad seo laigeacht struchtúir fiontraíochta agus fostaíochta sa réigiún; cumas an réigiúin a bheith iomaíoch i ngeilleagar atá faisnéis-bhunaithe; an riachtanas atá ann uasmhéadú a dhéanamh ar phoitéinseal an gheilleagair tuaithe, go háirithe earnálacha atá bunaithe ar acmhainní an réigiúin féin; fórsa saothair atá dea-oilte agus fiontraíoch a choinneáil agus a mhealladh; agus bearnaí suntasacha atá sa bhonneagar, go háirithe i rochtain ar chúrsaí iompair agus teileachumarsáid leathanbhanda.

Níl an fás eacnamaíoch leata go cothrom, agus tá difríochtaí suntasacha idir-réigiúnacha i gcúrsaí rachmais agus leasa. Rinne athrú sóisialta agus inimirce claochlú ar an bpróifíl aoise agus eitneach i mórán codanna de Réigiún an Iarthair. Tá éagsúlacht agus tionchair chultúrtha úra, a bhfuil fáilte rompu, tarlaithe dá thoradh seo, ach tá dúshlán tugtha aige seo do struchtúir agus seirbhísí atá ann cheana féin agus éilimh ginte do sheirbhísí nua dá bharr. Is iad seo, mar sin, cuid de na treochoí a imríonn tionchar ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an CFI agus a mbíonn tionchar acu ar a chuid spriocanna straitéiseacha.

<sup>1</sup> | Réigiún an Iarthair, is iad seo Gaillimh, Sligeach, Leitir Ceanainn (nasccha le Doire) agus Sionainn (nasccha le Luimneach).



## 2. COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR



Tá fócas ar leith ag CFI ar Réigiún an Iarthair a chlúdaíonn na seacht gcontae: Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Maigh Eo, Gaillimh agus An Clár.

### 2.1 Téarmaí Tagartha

---

Tá gníomhaíochtaí CFI rialaithe ag an Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998.

Is é príomhthéarma tagartha an CFI ná forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Réigiúin an Iarthair a chur chun cinn. Is díol suime faoi leith iad earnálacha táirgeachta, bonneagar agus pobail thuaithe an réigiúin. Oibríonn an CFI chun cinntiú go dtugtar suntas i gcónaí do leasanna Réigiúin an Iarthair ag na leibhéil is airde den Rialtas.

Tá CFI freagrach as bainistiú agus riarachán Chiste Infheistíochta CFI. Tugann an ciste tiomanta seo aghaidh ar an mbearna mhaoinithe atá le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus fiontair shóisialta sa réigiún trí chaipiteal riosca, cothromas agus iasachtaí a sholáthar ar bhonn tráchtála.

### 2.2 Fís

---

Réigiún an Iarthair atá muiníneach agus uailmhianach ina bhfuil luach saothair ar fáil do shármhaitheas, nuálaíocht agus cruthaitheacht, agus ina bhfuil luach agus cosaint tugtha don cháilíocht shaibhir beatha, don timpeallacht ghlan agus don oidhreacht ar leith atá sa réigiún.

### 2.3 Mísean

---


A bheith ar an ngníomhaireacht aitheantais do Réigiún an Iarthair ag cuidiú chun tógáil ar láidreachtaí an réigiúin, tabhairt faoi laigeachtaí agus clú sármhaitheasa a chruthú.

## 2.4 Struchtúr

---

Tá dhá chomhalta dhéag ar CFI ar cheap an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an tUasal Éamon Ó Cuív, TD iad (féach Aguisín 1 don chomhaltas reatha).

Faigheann CFI tacaíocht ó fheidhmeannacht atá lonnaithe in Dillon House, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Déanann CFI a bPlean Straitéiseach a sheachadadh trí Fhoirne Oibre trasfheidhmíthe a thugann le chéile na scileanna difriúla, saineolas agus peirspictíochtaí na mbeartas acu, forbairt, infheistíocht agus foireann riaracháin. Déanann an cur chuige oibre seo ar bhonn foirne maidir le seachadadh na spriocanna straitéiseacha, uasmhádú an-éifeachtach agus an-éifeachtúil, ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil don eagraíocht. Léiríonn an chairt ar an gcéad leathanach eile an struchtúr eagraíochtúil.



## 2.5 Dearcadh Straitéiseach

---

Leagann Plean Straitéiseach CFI amach clár dúshlánach oibre don eagraíocht go dtí deireadh 2009.

Tharla seo toisc breithniú cúramach ar:

- téarma tagartha reachtaíochta CFI, go háirithe an fheidhm atá acu ó thaobh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Réigiúin an Iarthair a chur chun cinn.
- an cuspóir náisiúnta maidir le forbairt réigiúnach chothrom agus forbairt an gheilleagair tuaithe a chothú trí dháileadh réigiúnach níos fearr ar infheistíocht phoiblí agus phríobháideach
- scála agus castacht an dúshláin atá roimh Réigiún an Iarthair i ngeilleagar domhanda
- an fhreagairt an-dearfach d'obair CFI go dáta ó thrasghearradh leasanna laistigh den réigiún agus go náisiúnta.

## 2.6 Ag Obair le Comhpháirtithe

---

Oibríonn CFI go gníomhach lena gcuid comhpháirtithe chun cinntiú go bhfuil an méid atá á dhéanamh acu d'fhorbairt Réigiúin an Iarthair ag cur luach le beartas an Rialtais. Dá réir sin, cothaíonn agus spreagann CFI tionscnaimh straitéiseacha réigiúnacha i roinnt earnálacha trí oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus réigiúnacha, udaráis áitiúla, agus na hearnálacha príobháideacha, poiblí agus deonacha.

## 2.7 Rialachas Corparáideach

---

Tá dualgas ar CFI Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (An Roinn Airgeadais, 2001) a fheidhmiú agus a chomhlíonadh. Ag cloí leis an gCód seo, tá CFI tar éis cur chuige straitéiseach agus sothuigte a fhorbairt maidir le forbairt, bainistíocht agus feidhmiú na mbeartas agus na spriocanna atá acu. Tá an cur chuige seo leanúnach, agus feidhmeanna agus beartais nua feidhmithe dá thoradh, a chuimsíonn feidhmeanna iniúchta agus iniúchta inmheánaigh, bainistíocht airgeadais agus riosca, próiseas comhpháirtíochta, bainistíocht acmhainní daonna, cúram custaiméirí ardchaighdeán agus beartas cumarsáide.

## 2.8 Acht na dTeangacha Oifigiúla

---

Faoi Scéim na dTeangacha Oifigiúla CFI, soláthraíonn CFI seirbhísí dátheangacha faoi láthair go dtí pointe substaintiúil agus déanfar gach iarracht seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil nuair a dhéantar iarrtas orthu. Tá sí mar aidhm ag CFI a chinntiú gur féidir le haon chustaiméir a c(h)uid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leis/léi é sin a dhéanamh. Tá CFI tiomanta do mheasúnú a dhéanamh ar bhonn leanúnach maidir leis an leibhéal éilimh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go leanfaidh siad ag freastal ar an éileamh seo i mbealach pleanáilte, sothuigte agus inrochtana.

Déanann CFI tuairiscí a sholáthar ar dhul chun cinn maidir leis na gnéithe ar fad thuasluaite ina gcuid tuarascálacha bliantúla agus ina bPlean Gníomhaíochta I dTreo 2016.

# 3. PLEAN STRAITÉISEACH

## 2007 2009



Tá an Plean Straitéiseach eagraithe mórthimpeall cúig sprioc straitéiseach:

- Cuidiú le forbairt réigiúnach chothrom trí chinntiú go ndéanann Réigiún an Iarthair uasmhéadú ar an bpoitéinseal iomlán atá ann d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta.
- Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair tuaithe.
- Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus fontair shóisialta.
- CFI a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach.

Soláthraíonn na spriocanna seo fócas straitéiseach d'obair CFI don chéad trí bliana amach romhainn. Maidir le gach sprioc, tá straitéis agus táscairí feidhmíochta sainithe ag CFI le go réadófaí an sprioc sin.

### 3.1 Cuidiú le forbairt réigiúnach chothrom trí chinntiú go ndéanann Réigiún an Iarthair uasmhéadú ar an bpoitéinseal iomlán atá ann d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta

| Straitéis CFI   | Táscairí Feidhmíochta   |
|---|---|
| Bealaí a aithint agus a chur chun cinn le poitéinseal an réigiúin a uasmhéadú trí anailís a dhéanamh ar cheisteanna eacnamaíochta agus sóisialta, deiseanna a aithint agus gníomhaíochtaí oiriúnacha a mholadh. | Anailís ábhartha beartas atá fódaíte go maith agus bunaithe ar iniúchadh críochnúil agus oibriú le geallsealbhóirí agus lucht déanta beartas.<br>Faisnéis nua agus ábhartha a sholáthar ar bhealaí le caiteachas poiblí a nascadh níos éifeachtaí le forbairt réigiúnach chothrom.<br>Tuarascálacha foilsithe agus curtha faoi bhráid na ranna rialtais ábhartha le tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta. |
| Láidreachtaí an réigiúin a athneartú agus tabhairt faoi na laigeachtaí trí fheabhsuithe riachtanacha sa bhonneagar a aibhsiú (cúrsaí iompair, cumarsáide, fuinnimh, bonneagair shóisialta).                     | Tuarascálacha dul chun cinn ar mhórchéisteanna bonneagair le moltaí maidir le feabhsuithe.<br>Seisiúin faisnéise agus cruinnithe a thionóltar le lucht cinnteoireachta an bhonneagair infheistíochta.<br>Feabhas suntasach ar bhonneagar eacnamaíoch agus sóisialta sa réigiún.   |



### 3.2 Na buntáistí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn

| Straitéis CFI  | Táscairí Feidhmíochta   |
|--|---|
| Trí fheachtas LookWest CFI, ardleibhéal feasachta agus muiníne a sheachadadh i measc na bpríomhlucht féachana gnó agus tomhaltóirí, gur áit shármhaith é réigiún an Iarthair chun cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh. | Feachtais chur chun cinn Tomhaltóirí agus Fiontraíochta seachadta trí fhógraíocht, láithreán gréasáin, taispeántais agus sraith de litríocht chlóbhuailte cur chun cinn.<br>Na príomh-gheallsealbhóirí ag obair leis an CFI chun buntáistí an réigiúin a chur chun cinn.<br>Tabhall scileanna le próifíl na n-oibríthe agus na bhfiontar ionchasacha. |
| Inniúlacht an réigiúin a fhorbairt chun fiontair a mhealladh agus tacú leo laistigh den Gheilleagar Cruthaitheach. <sup>2</sup>  | Scrúdú ar chumas an réigiúin daoine aonair agus fiontair chruthaitheacha a mhealladh agus a choinneáil.<br>Leasú ar inniúlacht an Iarthair le bheith aitheanta mar réigiún cruthaitheach.   |

### 3.3 Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair tuaithe

| Straitéis CFI   | Táscairí Feidhmíochta  |
|---|--|
| Tacú le forbairt agus éagsúlú an gheilleagair trí tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta agus tionscadail a fhorbairt le scála agus tionchar suntasach. | Mórhionscadail cheannródaíochta chun seachadadh ar tháirge nuálaíoch turasóireachta ardchaighdeán atá comhtháite bunaithe sa réigiún.<br>Straitéis d'fhorbairt na hearnála fuinnimh in-athnuaite adhmaid seachadta agus tionscadail theimpléadacha cheannródaíochta bunaithe.<br>Tionscadail theimpléadacha d'infheistíocht pobail i bhfuinneamh in-athnuaite seachadta.<br>Ag tarraingt ar thaithí forbartha, tionchar a imirt ar bheartas náisiúnta maidir le forbairt na n-earnálacha sa gheilleagar tuaithe. |

<sup>2</sup> Is féidir an Geilleagar Cruthaitheach a shainiú mar thionscail a bhfuil féidearthacht iontu do chruthú poist trí ghiniúint agus saothrú a dhéanamh ar chruthaitheacht, scileanna agus buanna na ndaoine aonair. Cuimsíonn na gnóchlaití seo mar shampla: ailtireacht, ealaín, ceardaíocht, dearadh, scannán, bogearraí, ceol, na taibh-ealaíona, teilifís agus raidió srl.

### 3.4 Caipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus Fiontair Shóisialta

| Straitéis CFI   | Táscairí Feidhmíochta  |
|---|--|
| Tabhairt faoi bhearnaí mhaoinithe trí chaipiteal riosca a sholáthar do SMEanna agus Fiontair Shóisialta atá nua agus ag forbairt ó leithroinnt Chiste Infheistíochta CFI faoin PFN.               | <p>€4 milliún den leithroinnt bhliantúil PFN infheistithe i líon SMEanna agus Fiontair Shóisialta.</p> <p>Punann infheistíochta chothrom a dhéanann toradh sóisialta agus airgeadais a sheachadadh do CFI.</p> |
| Athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht mhaoinithe sa réigiún agus athrú ar an straitéis infheistíochta mar atá oiriúnach, a chuimsíonn aon cheaduithe Cúnaimh Stáit atá riachtanach a shlánú. | Ceadú Cúnaimh Stáit aimsithe.  |

### 3.5 CFI a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil agus éifeachtach

| Straitéis CFI  | Táscairí Feidhmíochta  |
|--|--|
| A bheith mar eagraíocht nua-aimseartha agus solúbtha a chloíonn leis na riachtanais reachtaíochta, Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí agus dea-chleachtas. | <p>Beartais acmhainní daonna atá géilliúil leis na riachtanais reachtaíochta agus dea-chleachtas reatha.</p> <p>CFI géilliúil leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit.</p> <p>Pleananna Gníomhaíochta I dTreo 2016 faofa agus na tiomantais sásaithe.</p> <p>Géilliúlacht le Cairt Seirbhíse Custaiméirí CFI.</p> <p>Tá córas Teicneolaíochta Faisnéise atá éifeachtach, iontaofa agus slán curtha i bhfeidhm.</p> |
| Córas cuntasáíochta atá cuimsitheach a sholáthar agus dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistíocht airgeadais agus iniúchadh inmheánach.     | <p>Tuarascáil iniúchta bhliantúil atá soiléir ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.</p> <p>Géilliúlacht iomlán leis an Acht um Íoc Pras Cuntas agus Nósanna Imeachta Soláthair na hEarnála Poiblí.</p> <p>Plean oibre an Iniúchta Inmheánaigh curtha i bhfeidhm, ag cinntiú go bhfuil na rioscaí íoslaghdaíthe agus an luach ar airgead uasmhéadaithe.</p>  |
| Ról agus gníomhaíochtaí CFI a chur in iúl do gach geallsealbhoír.  | <p>Tá ardphróifíl phoiblí ag CFI agus tá íomhá dhearfach ag na geallsealbhoír i dtaca leis an eagraíocht.</p> <p>Tá rochtain éasca ag custaiméirí ar fhaisnéis atá suas chun dáta, cruinn, agus cuimsitheach a chuimsíonn na foilseacháin CFI ar fad i bhformáid chlóbhuailte nó trí láithreán gréasáin CFI mar atá oiriúnach.</p>   |



## 4. FEIDHMIÚ, MONATÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ



Déanfar Plean Straitéiseach CFI a chur i bhfeidhm trí ullmhúchán agus seachadadh na gclár oibre bliantúla. Lena chois sin, tá CFI tiomanta do thacú le spriocanna agus cuspóirí maidir le bainistíocht níos fearr, mar atá curtha in iúl *I dTreo 2016*.

Cuimseoidh tuarascálacha bliantúla CFI nuashonruithe ar dhul chun cinn maidir le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach. Déanfar na tuarascálacha bliantúla a chur i láthair na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus cuirfear faoi bhráid an Oireachtais iad chomh maith. Déanfar iad a chur ar fáil chomh maith do gheallsealbhóirí, eochairchustaiméirí, cliaint agus don phobal ginearálta.

# AGUISÍN

---



## Baill Choimisiún Forbartha an Iarthair

An tUasal Michael Farrell (Cathaoirleach)

An Comh. Mary Bohan

Mary Devine O'Callaghan Uasal

Tish Gibbons Uasal

An tUasal Pat Gilmore

An tUasal Billy Grimes

An tUasal Greg Jackson

An tUasal Des Mahon

Martina Minogue Uasal

An tUasal Pádraig Ó Caomhánaigh

An tUasal Ray O'Donoghue

An Dr Katie Sweeney

Baile an Mhóta, Co. Shligigh

*Comhalta, Comhairle Chontae Liatroma*

*Bainisteoir Oifige, Co Ros Comáin*

*Rúnaí Brainse, SIPTU, Gaillimh*

*Tábhairneoir agus Feirmeoir, Co na Gaillimhe*

*Léachtóir, Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga*

*Ceantálaí, Co Mhaigh Eo*


*Bainisteoir Contae, Comhairle Chontae Mhaigh Eo*

*Stiúrthóir, eTeams (Idirnáisiúnta) Teo, Co. An Chláir*

*Gníomhaí Pobail, Cona Gaillimhe*

*Comhairle an Iarthair, Co na Gaillimhe*

*POF, Coiste Gairmoideachais Chontae Mhaigh Eo, Co Mhaigh Eo*





Coimisiún Forbartha an Iarthair  
Teach Dillion, Bhealach an Doirín,  
Co. Roscomáin, Ireland.

Tel: +353 (0) 94 9861441  
Fax: +353 (0) 94 986 1443  
Email: [info@wdc.ie](mailto:info@wdc.ie)

[www.wdc.ie](http://www.wdc.ie)